C/2024/5348

2.9.2024

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/5348)

Tar éis an fhoilsithe sin, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige agus atá bunaithe nó ina chónaí i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Ġbejna tan-nagħaġ’

Uimh. AE: PDO-MT-02973 — 10.7.2023

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

‘Ġbejna tan-nagħaġ’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

Málta

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.3. Cáiseanna

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is cáis úr í ‘Ġbejna tan-nagħaġ’ a tháirgtear le bainne amh iomlán ó chaoirigh (*Ovis aries*) den phór ‘Máltach’ agus a chrosantaigh leis an bpór Freaslannach nó eile, agus atá cláraithe ar oileáin Mhálta, lena n-áirítear Málta, Gozo agus Comino.

Is féidir an ‘Ġbejna tan-nagħaġ’ a dhíol úr, (‘Ġbejna tan-nagħaġ’ friska), aerthriomaithe (‘Ġbejna tan-nagħaġ’ niexfa), nó picilte agus piobar curtha inti (‘Ġbejna tan-nagħaġ’ tal-bżar).

Ba cheart na saintréithe seo a leanas a bheith ag na trí chineál ‘Ġbejna tan-nagħaġ’ – ‘friska’, ‘niexfa’ agus ‘tal-bżar’ – (arna ngrúpáil le chéile go hachomair, cé is moite de na heisceachtaí a léirítear de réir mar is gá):

Cur i láthair

— Airde: 1,5 cm – 5 cm

— Meáchan: 30 g – 110 g

— Trastomhas an bhuin: 5 cm – 7 cm

— Trastomhas an bhairr: 2,4 cm – 5,5 cm

— Cuireann cineál ‘Tal-bżar’ é féin i láthair le méid éagsúil piobair dhuibh mheilte curtha i gceangal lena dromchlaí.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Cuma sheachtrach

— Gan chraiceann

— Tá cuma air mar chón barrscoite ag a bhfuil taobhanna claonta ar chéimeanna éagsúla.

— Tá an dromchla barr cothrom nó beagán cuasach.

— Tá an dromchla cliathánach fiardhronnach.

— D'fhéadfadh an dromchla a bheith tras-haiseáilte de réir mhóitífeanna an mhúnla.

— Tá cuma shnasta, bhog, le dreach fliuch ('friska'), tirim nó gréisceach ('niexfa') air, le dromchla tais ('tal-bżar').

— Tá dath bán ('friska'), idir eabhar agus buí na tuí ('niexfa'), idir buí éadrom na tuí agus ócar ('tal-bżar') air.

Cuma inmheánach

— Níl crústa íochtair faoi.

— Bíonn poill ann ó am go chéile sna cineálacha 'niexfa' agus 'tal-bżar'.

— Níl marmarú ann.

— Bíonn scoilteanna beaga a bhíonn ann ó am go chéile sna cineálacha 'niexfa' agus 'tal-bżar'.

— Struchtúr leathchrua go crua ag brath ar an tréimhse thriomaithe agus ar na coinníollacha triomaithe (seachas an cineál 'friska' ina bhfuil an struchtúr uachtarúil, bog, tais agus beagán gréisceach).

— Tá dath bán ('friska'), idir eabhar agus buí éadrom na tuí ('niexfa' agus 'tal-bżar') ar an gcroí.

— Maidir leis an gcineál 'niexfa', d'fhéadfadh dath na himlíne a bheith éagsúil leis an gcroí, agus é beagán níos éadroime sa chroílár.

Tréithe orgánaileipteacha

— Tá déine íseal ag an dea-bholadh. Iompraíonn sé boladh bainne úir agus tugann sé boladh beag caorach ('friska'), tá saintréithe beagán aigéadach aige ('niexfa'), nó tá sé spíosrach (ó phiobar dubh) ('tal-bżar').

— Blas milis atá air, chomh maith le goirte éadrom ('friska'), milis go beagán aigéadach ('niexfa'), nó aigéadach idir measartha agus ard le mothú spíosrach ó bhéal ('tal-bżar').

— Tá an uigeacht tais agus gréisceach ('friska'), idir intuaslagtha agus beagán greamaitheach ('niexfa'), nó idir tais agus cailceach ('tal-bżar').

— Tá an mharthanacht bhlastachta íseal ('friska'), idir measartha agus ard ('niexfa'), nó an-aigéadach agus piobarach ('tal-bżar').

Airíonna ceimiceacha

— Próitéin Iomlán: 14 % – 40 %

— Saill Iomlán: 15 % – 40 %

— pH: 4,7 – 5,3

— Cion Solad Iomlán: 37 % – 56 %.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Is é 45 % d'ábhar tirim an céatadán uasta d'ábhar beatha a fhoinsítear lasmuigh den limistéar geografach ar bhonn bliantúil. Níl sé indéanta go teicniúil 100 % den bheatha a fháil go háitiúil ón limistéar geografach mar gheall ar easpa báistí agus infhaighteacht theoranta talún.

Beathaítear na caoirigh go háitiúil de phlandaí léagúmacha agus gránach le haghaidh 55 % ar a laghad dá n-iontógáil (lena n-áirítear eorna, seagalach, cruithneacht, peasairí, pónairí léana, goirm choiligh Spáinneach, grán buí, sorgum, alfalfa, seagalach, agus seamair, i measc nithe eile), a fhorlíontar le dlúthbhianna a tháirgtear ó amhábhair agus a dháileann na mórmhuilte beatha. Ag brath ar an infhaighteacht, is féidir caoirigh a bheathú freisin ar phlandaí a fhaightear go háitiúil amhail carúib agus cladóidí de phiorraí deilgneacha. Baineann blas 'Ġbejna tan-nagħaġ' leis an úsáid sin a bhaintear as beatha áitiúil.

Faightear an bainne caorach amh go hiomlán ón limistéar geografach sonrach i gcás gach ceann de na trí chineál 'ġbejna tan-nagħaġ'

Bainne amh caorach ó thréada de phór 'Máltach' agus a chrosantaigh atá cláraithe i Málta, Gozo nó Comino chun 'Ġbejna tan-nagħaġ' a dhéanamh.

Tá na saintréithe ceimiceacha seo a leanas ag an mbainne caorach amh:

— pH idir 6,4 agus 6,7;

— cion saille idir 4,5 % agus 8,0 %;

— cion próitéine idir 5,0 % agus 6,5 %;

— ábhar tirim idir 15,0 % agus 18,0 %.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Is iad seo a leanas na céimeanna táirgthe a dhéantar sa limistéar geografach:

— Feirmeoireacht (pórú, tógáil, bleán caorach de phór Máltach agus crosantaigh)

— Cáiseoireacht ó bhainne amh caorach de phór Máltach agus crosantaigh

— Aibiú 'Ġbejna tan-nagħaġ'

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Díoltar gach ceann de na trí chineál 'Ġbejna tan-nagħaġ' ina fhoirm iomlán.

Is de réir cainníochta amháin a dhíoltar 'Ġbejna tan-nagħaġ' friska, agus is de réir meáchain nó cainníochta a dhíoltar 'Ġbejna tan-nagħaġ' niexfa agus 'Ġbejna tan-nagħaġ' tal-bżar.

Tá 'Ġbejna tan-nagħaġ' pacáilte ina aonar nó i gcainníochtaí éagsúla ag brath ar an táirgeoir agus ar riachtanais an chustaiméara/na gcustaiméirí, i gcoimeádáin phlaisteacha nó ghloine thrédhearcacha éagsúla, agus gach ceann acu séalaithe le greamán banda agus lipéad orthu.

De ghnáth, déantar 1 kg de 'Ġbejna tan-nagħaġ' a tháirgeadh ó 6,8 go 8 lítear bainne caorach trí úsáid a bhaint as an modh sileáin 24 uair an chloig ag brath ar shéasúr agus ar aiste bia. Fágann sé sin idir 125 g agus 147 g de 'Ġbejna tan-nagħaġ' (i.e. idir 0,125 kg agus 0,147 kg de 'Ġbejna tan-nagħaġ') ag sileán 24 uair an chloig in aghaidh an lítir de bhainne caorach.

Níl craiceann ar aon cheann de na trí chineál 'Ġbejna tan-nagħaġ' agus, dá bhrí sin, ní mór iad a phacáistiú laistigh den limistéar táirgthe sula gcuirtear ar an margadh iad. Bheadh éilliú miocróbach ina thoradh ar láimhseáil an táirge sin gan chraiceann lasmuigh den limistéar táirgthe.

Tá gá le pacáistiú ar 'Ġbejna tan-nagħaġ friska' chun a struchtúr íogair a choimirciú agus a chosaint i bhfianaise úire agus bhrioscacht na cáise. Tá gá le pacáistiú ar 'Ġbejna tan-nagħaġ tal-bżar' freisin i bhfianaise na picilte agus an phiobair dhuibh mheilte/bhrúite a chuirtear uirthi, lena ndéantar an dromchla tais; dá bhrí sin, dá ndéanfaí an táirge a láimhseáil, scriosfaí an blas agus an dea-bholadh atá aige.

Ní ghlactar le slisniú ná níl sé praiticiúil é a dhéanamh i gcás na dtrí tháirge mar gheall ar a méid, atá níos lú ná 120 g in aghaidh an phíosa.

Níl an ghrátáil ábhartha ach amháin i gcás 'Ġbejna tan-nagħaġ niexfa'. Chun blas agus dea-bholadh sonrach an táirge a choinneáil, agus chun a bheith in ann a thionscnamh a dheimhniú, ní mór an ghrátáil a dhéanamh sa láthair táirgthe agus laistigh de 6 seachtaine ó thráth an táirgthe.

Mar achoimre, níl sé inmharthana an táirge a phacáistiú lasmuigh den limistéar geografach mar gheall ar chailliúint cháilíocht an táirge a eascraíonn as srianta agus teorainneacha iompair, toisc gur oileán é Málta agus is í an tSicil an calafort de chuid an Aontais is gaire (thart ar 80 km), agus mar gheall ar an deacracht bhunúsach a bhaineann le cáilíocht an táirge faoi chosaint a rialú.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Tá lipéad dronuilleogach ar an táirge ar a bhfuil an téarma: 'Ġbejna tan-nagħaġ' agus tuairisceoir i gcló iodálach ina theannta sin mar a liostaítear thíos:

— *'friska'*, nó *'niexfa'*, nó *'tal-bżar'*;

— Lógó an údaráis rialaithe deimhniúcháin.

— Siombail cháilíochta an Aontais

4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Tá trí oileán áitrithe in oileánra Mhálta: Málta, Gozo, agus Comino agus oileáin bheaga neamháitrithe eile.

Táirgtear 'Ġbejna tan-nagħaġ' sna trí oileán áitrithe. Is stát é Málta atá teoranta ó thaobh méide de (316 km^2), atá i bhfad níos lú ná formhór na limistéar geografach a mheastar le haghaidh táirgí eile ATFC. Mar gheall ar an méid beag sin agus a shaintréithe geoifisiceacha, ní dhéantar Málta a fhoroinnt ina réigiúin le haghaidh an téarma 'Ġbejna tan-nagħaġ' agus cumhdófar leis an ATFC aon 'Ġbejna tan-nagħaġ' a tháirgtear ar fud an oileánra.

5. Nasc leis an limistéar geografach

Tá oileáin Mhálta beagnach i lár na Meánmhara agus baineann aeráid fhothrópaiceach Mheánmhuirí go sonrach leo.

I Málta agus thart timpeall air, is mó ar fad an galú ná an fhrasaíocht, agus fágtar leis sin go bhfuil dlús coibhneasta 1.0300 ag an sáile (níos airde ná an tAtlantach), chomh maith le teochtaí dromchla sách te. Déanann an fharraige mórthimpeall na n-oileán an-difear don aeráid, atá níos fuaire agus níos taise i gcomparáid le ceantair intíre na mór-roinne. Laghdaíonn toilleadh ard teirmeach na farraige luaineachtaí móra i dteocht chomhthimpeallach na n-oileán freisin. Is saintréith de chuid aeráid Mhálta an aimsir dhothuartha san earrach; samhraí teo, tirime, agus gan bháisteach den chuid is mó; tréimhsí fómhair gearra; agus geimhridh bhoga, fhliucha le tonnta aeir fhuair. Is é 18,6 °C an mheánteocht bhliantúil, teocht a bhíonn sa raon idir 12,4 °C le linn an gheimhridh agus 26,3 °C le linn an tsamhraidh. I measc na bhfoirmeacha is coitianta den fhrasaíocht áitiúil tá báisteach, cloichshneachta, drúcht, agus cuisne bog. Is é 553 mm meánmhéid na frasaíochta iomláine, SD157 mm. Bíonn éagsúlacht sa bhogthaise choibhneasta mheánach ó 61 % ar a laghad i mí Iúil go dtí 87 % ar a mhéad i mí Eanáir. Is é 16,3 km/uair an chloig meánluas bliantúil na gaoithe, le héagsúlacht shuntasach sna meáin mhíosúla; Is ón iarthar go dtí an t-iarthuaisceart a thagann 60 % de na gnáthghaotha agus ar laethanta teo is minic a chabhraíonn gaotha ó dheas leis an teas, gaotha a iompraíonn an 'gibli' uaireanta agus gaineamh dearg ón Sahára á thabhairt leo.

Tá an t-ainm 'Ġbejna tan-nagħaġ' nasctha leis an réigiún de bhua na Máltaise. Laistigh de na 27 mBallstát, seasann an Mháltais amach mar theanga ar leith amach is amach mar gheall ar a tionscnamh Seimíteach, a scríobhtar in aibítir Rómhánach 30 litir, le roinnt consain speisialta nach mbaineann ach leis an Máltais amháin, agus dhá cheann acu atá san ainm freisin (i.e., 'għ', agus 'ġ'). Tá ainm na cáise tar éis dul isteach i roinnt nathanna agus cor cainte Máltaise freisin (e.g., 'qisek ġbejna', rud a chiallaíonn a bheith réchúiseach), ag cur an naisc idir cultúr 'Ġbejna tan-nagħaġ' agus cultúr Mhálta i dtábhacht.

Tá an tír-raon tur is gnách d'oileáin Mhálta fabhrach do chaoirigh a choinneáil agus a bheathú, toisc gur féidir leis na hainmhithe sin limistéir talmhaíochta imeallacha a úsáid atá mí-oiriúnach chun críoch talmhaíochta eile. Go minic, bíonn an blas san aer goirt mar gheall ar an mbogthaise, an fharraige máguaird, rilíf íseal an oileáin (is é 121 m an pointe is airde), agus coinníollacha dothuartha atá gaofar go minic. Tá an ghoirte sin, a bhfuil sil-leagan trópaisféarach salainn ar dhromchlaí an fhásra ina thoradh uirthi, ina cúis le héifeachtaí an chomhshaoil máguaird ar na trí chineál 'Ġbejna tan-nagħaġ' agus iad á n-aerthriomú.

Tá an flóra tipiciúil den réigiún agus d'oileáin pheiligeacha a bhfuil foirmíocht gheolaíochta den chineál céanna acu. Níl aon aibhneacha ná lochanna fionnuisce i Málta. Tugtar tuairisc ar na gleannta agus ar na hailteanna mar leapacha tirime abhann, agus líontar suas le huisce iad le linn tréimhsí báistí. I bhfianaise na samhraí teo tirime, ní bhíonn flóra nádúrtha le linn na tréimhse sin ann agus ní féidir innilt a dhéanamh. Díorthaítear ithreacha Mhálta ón gcarraig chailcreach ag a bhfuil pH os cionn 8. Tá dlúthbhaint ag dáileadh plandaí ar oileáin Mhálta lena gheolaíocht agus lena thopagrafaíocht. Áirítear leis na barra curaíochta a shaothraítear mar fharae sicphiseánach (*Cicer arietinum*), goirm choiligh Spáinneach (*Hedysarium coronarium*), eorna (*Hordeum vulgare*), peasairín Cipireach (*Lathyrus ochrus*), peasair shicphiseánach (*Lathyrus sativus*), lintile (*Lens culinaris*), scairpearrach deilgneach (*Scorpiurus muricatus*), cruithneacht bhog (*Triticum aestivum*), peasair shearbh (*Vicia ervilia*), agus peasair chapaill (*Vicia sativa*). Cuirtear na barra sin i limistéir bheaga atá gann ar chothaithigh agus ina bhfuil láithreacht mhór sna speicis fiailí dúchasacha, go háirithe Leguminosae, réimse leathan trifolium a bhuantar leis an gcuid eile den bharra curtha. Déantar plandaí *Vicia faba* a fhástar chun pónairí leathana a sholáthar a bhuaint, a thriomú, agus a úsáid mar fharae samhraidh freisin. Forlíontar beatha caorach freisin le cladóidí piorra dheilgnigh (*Opuntia ficus-indica*) agus carúib ón gcrann caróib (*Ceratonia siliqua*). Léirítear an flóra sin i mblas agus i struchtúr an táirge. Braitear an mhilseacht sin go príomha sna cineálacha 'friska' agus 'niexfa', agus faigheann na cáiseoirí an taithí agus an t-eolas ar an meascán ceart d'fharae chun an mhilseacht inmhianaithe sin a fháil sa táirge ó na glúnta a chuaigh roimhe.

Cáis shimplí le fíorbheagán próiseála is ea 'Ġbejna tan-nagħaġ'. Cuirtear na breiseanna uile (e.g., fínéagar, piobar) le linn an iartháirgthe agus tá siad dromchlach.

A luaithe agus a bhlitear na caoirigh, is critéar tábhachtach é freisin teocht cheart an bhainne a áirithiú ina dhiaidh sin, mar seachas sin, caillfear boige an chineáil 'friska', agus tagann méadú ar líon na bpoll agus na scoilteanna sna cineálacha 'niexfa' agus 'tal-bżar'. Leis an einsím téachta a chaolú agus í a chur leis an chuid is mó den bhainne ar an mbealach traidisiúnta is fearr, áirithítear an uigeacht cheart; má chuirtear an iomarca einsíme isteach, beidh an gruth ró-theann, agus caillfidh gach ceann de na trí chineál a gcruth. Tá an t-am a chaitear chun fanacht le foirmiú an ghrutha agus comhsheasmhacht cheart an ghrutha a aithint tábhachtach freisin, toisc, dá dtógfaí an iomarca ama chun an 'Ġbejna tan-nagħaġ' a chasadh sa mhúnla, ní thógfadh an 'cineál friska' cruth an mhúnla agus bheadh níos mó poll agus scoilteanna sna cineálacha 'niexfa' agus 'tal-bżar'. Coinnítear cruth na cáise leis an bpróiseas draenála ceart. Nuair a bhíonn taithí ag táirgeoirí, foghlaimíonn siad freisin an fad is fearr le haghaidh na picilte chun an tsaintréith mharthanachta bhlastachta an-aigéadach agus an-phiobarach den chineál 'tal-bżar' a choinneáil.

Tá tréimhse ghearr blaistiúcháin ag 'Ġbejna tan-nagħaġ', agus déantar an triomú go nádúrtha aon uair is féidir i gcaibinéid shaincheaptha ar dhíon fheirm an cháiseora. Is iondúil go ndéanann an cáiseoir gach céim a bhaineann leis an bpróiseas cáiseoireachta trí bhlianta speisialtóireachta. Áirítear leo sin bleáin, scagadh, atéamh an bhainne nuair is gá, an einsím téachta a chur isteach, téachtadh, cur i múnlaí, casadh, agus draenáil. Is próiseas táirgthe é a bhfuil oiliúint ag teastáil chuige, agus déantar é de ghnáth ó ghlúin amháin go dtí an chéad ghlúin eile.

Tá na saincháiseoirí oilte ar na laethanta cearta a roghnú chun an táirge a thriomú agus faightear an scil sin tríd an taithí a chur ar aghaidh ó ghlúin amháin go dtí an chéad ghlúin eile. A bhuí leis an taithí sin, tá a fhios ag táirgeoirí freisin go ndéantar triomú trí mhodhanna malartacha a úsáid chun struchtúr idir leathchrua agus crua agus dath idir eabhar agus ócar na gcineálacha 'niexfa' agus 'tal-bżar' a choinneáil ar bun nuair a thuartar gaotha aneas ag a bhfuil bogthaise ard nó báisteach fásaigh.

Níl aon taifead scríofa ann maidir leis na céimeanna sonracha a bhaineann leis an bpróiseas táirgthe agus cuireadh an t-eolas agus an taithí ar an bpróiseas cáiseoireachta agus modhanna sonracha ar aghaidh ó ghlúin go glúin; mar a deimhníodh i suirbhé maidir le táirgeadh 'Ġbejna tan-nagħaġ' is léiriú é ar an táirge sin. Is í taithí na seanghlúine an bonn chun na daoine a bhfuil suim acu a mhúineadh laistigh den teaghlach go príomha. Leis an taithí a fuarthas ón tseanghlúin, cuirtear leis na sainiúlachtaí a bhaineann le gach cineál 'Ġbejna tan-nagħaġ'. Trí na cleachtais sin a fhoghlaim, áirithítear leanúnachas agus comhsheasmhacht cháilíocht an táirge thraidisiúnta seo

Is cuid dhílis d'oidhreacht chócaireachta Mhálta é 'Ġbejna tan-nagħaġ' agus tá sé san áireamh i roinnt oidis thraidisiúnta de chuid Mhálta. Baineadh úsáid as 'Ġbejna tan-nagħaġ friska' mar bhúiste le haghaidh cácaí cáise Máltacha ('pastizzi'), pióga blasta ('torta tal-bejniet'), agus raiviólaí, nó cuireadh isteach in anraithí geimhridh Máltacha é amhail 'soppa tal-armla' agus 'kusksu'. Cuirtear 'Ġbejna tan-nagħaġ tal-bżar' ar an mbord mar ghéarú goile le craicir uisce Mháltacha ('galletti') nó i miasa aráin Máltacha ('ħobż biż-żejt').

Léirítear le taifid stairiúla go bhfuil caoirigh féaránaigh ar oileáin Mhálta ó aimsir na meánaoise, agus téann na tuarascálacha is luaithe maidir le cáiseoireacht siar go dtí an 15ú agus an 17ú céad. Ba bhealach loighciúil í an cháiseoireacht chun an bainne a chaomhnú ar feadh tréimhsí níos faide, go háirithe le linn dálaí aimsire te, go háirithe toisc nach rabhthas in ann táirgí déiríochta a chaitheamh ach ar laethanta itheacháin feola i bhfianaise na gcultúr agus na dtraidisiún Caitliceach a bhí i réim. Le linn na réanna éagsúla, choinnítí caoirigh go príomha i dtréada an-bheag ar le gach teaghlach iad chun an bainne agus na táirgí déiríochta ba ghá a sholáthar dá gcothú féin. Choinnítí tréada níos mó i gcaitheamh na mblianta fada freisin chun na táirgí tipiciúla céanna a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as na modheolaíochtaí céanna agus chun iad a mhargú ar bhonn tráchtála. Tá na tréada tráchtála sin ag éirí níos tábhachtaí faoi láthair i bhfianaise an uirbithe is mó atá ag tarlú ar na hoileáin, agus i bhfianaise an éilimh ar an táirge seo. Cé gur réamhriachtanas é an nuachóiriú teoranta le fiche bliain anuas, coinníodh traidisiúin na nglúnta roimhe seo beo toisc go bhfuil formhór na dtáirgeoirí fós ag feidhmiú ar mionscála agus gur gnó teaghlaigh é, rud a choinníonn an nasc pearsanta lena dtréad caorach.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://mccaa.org.mt/Section/Content?contentId=7953